# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*
**Fógraí na Seachtaine 13 - 19 Nollaig, 2025**

**Séipéal na Carraige,**
**Dé Sathairn, 13 Nollaig ar a 7.30in**
Fáilte roimis Banna Ceoil Choiscéim go Séipéal na Carraige.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 14 Nollaig ar a 10.00rn**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eoghan Ó Cadhla 087-6951318

**Guí an Phobail**
Máirín Ní Mhainnín, Cillirith, a fuair bás le déanaí.
Thomas Riordan, An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Joe Shinkwin, Corcaigh, a fuair bás le déanaí.
Donald Hahn, Chicago, a fuair bás le déanaí.
Nell agus Seán Ó Sé, Cathair Scuilbín, C.B.
Íde Ní Shionóid, Baile Loisce, C.B.

**Adhradh na Naomhshacraiminte**
Beidh Adhradh na Naomhshacraiminte i Séipéal Naomh Gobnait an Domhnach seo, 5 Deireadh Fómhair, idir 2.00 – 4.00in. Fáilte roimh chách.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 21 Nollaig, ar a 9.00rn**
**Intinn:** Máiréad (Réidín) Ní Chearna Uí Fhlatharta, Gaillimh agus Dún Chaoin, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 21 Nollaig ar a 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Muiris, Hain agus Bríd Feirtéar, Tíorabháin agus Siobhán Uí Fhathaigh, Baile an Fheirtéaraigh agus a muintir agus Muintir Mhurchú, Cillirith.
**2.** Ita Mhic Gearailt (Ní Chatháin), An Daingean, C.M.

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann** Dé Luain 9.30rn
**Séipéal na Carraige** Dé Máirt 9.30rn,
Dé hAoine 7.00in.

**Cumann Naomh Uinseann de Pól**
Beidh bailiúchán bliaintiúil ar mhaithe le Naomh Uinseann de Pól ar siúl an deireadh seachtaine seo 13/14 Nollaig.

## Aifrinntí na Nollag 2025

### Oíche Nollag, Dé Céadaoin, 24 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Gobnait | 5.00in |
| Séipéal na Carraige | 7.00in |
| Séipéal Naomh Uinseann | 8.30in |

***Aifreann na Gine, Aifreann is Fiche***

### Lá Nollag, Déardaoin, 25 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Uinseann | 10.00rn |
| Séipéal na Carraige | 11.15rn |

**Clúdaigh na Nollag**
Tá Clúdaigh na Nollag á gcur amach anois. Téann an t-airgead ós na clúdaigh seo do thuarastail na sagart. Tá **Clúdaigh Seachtainiúla 2026** á gcur amach chomh maith. Úsáidtear an t-airgead seo do ghnáth chostaisí sa pharóiste: árachás, cothabháil, aibhléis. Buíochas ó chroí do gach duine a thugann tacaíocht don gciste seo. Buíochas go speisialta dos na daoine teagmhála a thugann amach na clúdaigh dúinn. **Má theastaíonn uait dul ar an liosta glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.**

**Cártaí Nollag 2025**
Beidh na Cártaí Nollag ar díol ag na h-aifrinntí an deireadh seachtaine seo. **6 Chárta ar €5.** Táimid go mór faoi chomaoin arís i mbliana do Carol Uí Laoithe a d'ullmhaigh na cártaí do na clódóirí. Beidh siad ar díol i siopaí áitiúla chomh maith:- Oifig an Phoist Ceann Trá, SPAR, Siopa Uí Mhóráin, Mac Domhnaill Dental, Trá Lí. Míle buíochas as bhur dtacaíocht. **Bheimís buíoch dá gcuirfeadh sibh daoine ón dtaobh amuigh don bparóiste ar an eolas mar gheall ar na cártaí seo.**

**Ceolchoirm**

Beidh Ceolchoirm na Nollag ag Cór agus Ceolfhoireann Nua Cheoil an Daingin i Séipéal Naomh Muire sa Daingean, an Domhnach seo, 14 Nollaig, ar a 4.00in (tá an ceolchoirm seo saor in aisce do leanaí) agus Dé Céadaoin, 17 Nollaig, ar a 8.00in. Ticéid €15 ó Phoitigéar an Bhreathnaigh agus ó Phoitigéar Uí Ghruagáin.

**Litir Aspalda an Phápa Proinsias – Comhartha Iontach**

Tá leagan Gaeilge den litir mar gheall ar Naomh Proinsias Assisi agus an Beithilín le fáil arwww.dioceseofkerry.ie, leathanach Pharóiste an Fheirtéaraigh. Inár seasamh dúinn os comhair bheithilín na Nollag tagann chun cuimhne chomh díograiseach is a bhímis ag feitheamh leis an mbeithilín a chóiriú nuair a bhíomar inár leanaí. Cuireann na cuimhní cinn sin abhaile orainn an bronntanas luachmhar a fuaireamar uathu sin a thug an creideamh ar láimh dúinn. Ag an am gcéanna, meabhraíonn siad dúinn an dualgas atá orainn an taithí chéanna seo a roinnt lenár bpáistí agus lenár ngarpháistí. Ní dhéanann sé difir ar bith conas mar a dhéantar radharc na Nollag d'eagrú: féadann sé bheith mar an gcéanna nó athrú ó bhliain go bliain. Is é is tábhachtaí ná go mbeadh tionchar aige ar an tslí a chaithimid ár saol. Pé rud a bhíonn ann agus pé cruth a bhíonn air, labhrann beithilín na Nollag linn faoi ghrá Dé, an Dia a tháinig mar leanbh chugainn chun go mbeadh a fhios againn cé chomh cóngarach is atá sé do gach fear, bean agus páiste, cuma cén staid ina bhfuil siad.
Buíochas leis an Dr. Tadhg Ó Dushláine a d'aistrigh an téacs.

**Oilithreacht go Assisi:**
2 – 6 Bealtaine, 2026
(cailleadh Naomh Proinsias sa bhliain 1226, beidh sé caillte 800 bliain i 2026)
Má tá suim agat ann glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.

**Biongó Mór na Nollag**

Beidh Biongó Mór na Nollag ar siúl i bPobalscoil Chorca Dhuibhne, an Domhnach seo, 14 Nollaig ar a 7.00in. Duaiseanna breátha.

**Comhghairdeas**

Comhghairdeas le Foireann Caide na Gaeltachta a bhuaigh Craobh Idirmheánach na Mumhan an deireadh seachtaine seo caite. Go n-éirí go geal leo sa chéad bhabhta eile!

**Cabhrú sna Séipéil**

Má tá spéis agat cabhrú nó b'fhéidir go bhfuil aithne agat ar dhuine éigin go mbeadh suim acu cabhrú, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131 nó cuir r-phost go dtí oifig@yahoo.ie.

**Ceannaigh Bríce ar mhaithe le Scoil Dhún Chaoin**

Mar chuid den bhforbairt atá ar siúl i Scoil Dhún Chaoin tá €20,000 le bailiú chun áiseanna a chuir ar fáil. Más mian leat cabhrú, bhríce singil €100 nó ceann dúbailte ar €250.
https://chuffed.org/project/159013-ceannaigh-brice-do-scoil-dhun-chaoin nó 087-4832512

**Grúpa WhatsApp don bParóiste**

Tá Grúpa WhatsApp ann chun go bhféadfadh na baill eolas a fháil maidir le Aifrinntí agus ócáidí a bheadh ar siúl. Má tá suim agat a bheith sa ghrúpa, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 066-9156131 nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie, le d'ainm agus uimhir do ghuthán póca.

**Ciste an Pharóiste €865, Bl Sp Seirbhísí na nÓg €105**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie